Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Ar fud an chontae An Roinn Góthaí Corparáideacha Comhairle Contae Chiarraí secretary@kerrycoco.ie	***Baile Nasctha*** I gcaitheamh na mblianta, tá go leor bailte sa Chontae tar éis ceangail nasctha a fhorbairt le comhbhailte/comhchathracha ar fud an domhain. Eiseofar cuireadh do gach comhbhaile/comhchathair chun cuairt a thabhairt ar a gcomhbhailte i rith 2016 chun suntas a thabhairt do Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca. Sa chás gur féidir, déanfaimid nasc leis an imeacht beartaithe tóstail atá á eagrú ag Baile Átha Cliath agus San José, Cailifóirnia. Beidh an tóstal bunaithe ar Chruinniú Mullaigh dhá lá i mBaile Átha Cliath agus tabharfaidh gach Comhchathair de chuid SAM cuairt, ina dhiaidh sin, ar a gComhchathair/a gComhbhaile Éireannach a bhfuil siad nasctha leo. Táthar ag iarraidh ar gach Cathair ceannasaithe gnó, oideachais agus óige a thabhairt, a bheidh faoi stiúir Mhéara na Cathrach.
Meitheamh 2016 Trá Lí An Roinn Turasóireachta Comhairle Contae Chiarraí tourismoffice@kerrycoco.ie	***Seachtain na Laochra*** – tiocfaidh comhaltaí na seirbhísí deonacha agus reachtúla éigeandála ó áiteanna mórthimpeall an domhain chuig Trá Lí in 2016.